M5

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2005**

---

# GAEILGE - GNÁTHLEIBHÉAL

# PÁIPÉAR I

**(220 marc)**

---

**DÉARDAOIN, 9 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 go dtí 3.50**

---

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)

**Ceist 1** *agus* **Ceist 2** a fhreagairt.

---

**THALL →**

## CEIST 1 – CEAPADÓIREACHT– [120 marc]

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

### A - GIOTA LEANÚNACH - (60 MARC)

Scríobh **giota leanúnach** (leathleathanach nó mar sin) ar **cheann amháin** de na hábhair seo:-

(i) Bíonn saol breá ag daoine óga inniu.
(ii) Timpistí bóthair.
(iii) Ceol.

### B - SCÉAL – (60 marc)

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeidh **ceann** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar *thús* leis.

(i) "Bhí na tuismitheoirí imithe don oíche. Bhí orm aire a thabhairt do bheirt pháiste agus an peata madra a bhí acu. Thuig mé láithreach go mbeadh trioblóid (fadhb) agam leo agus bhí…."

**nó**

(ii) "Chuaigh mé go dtí an chóisir an oíche sin. Ní raibh cead agam ó mo thuismitheoirí dul ann. Tar éis uair a' chloig bhí brón orm….."

### C - LITIR - (60 marc)

(i) D'fhág an cara is fearr a bhí agat an scoil (nó an tír) an bhliain seo caite agus tá sé (nó sí) agus a chlann (nó a clann) ina gcónaí sa Fhrainc (nó i dtír éigin eile) anois. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig an gcara sin tar éis na hArdteistiméireachta.

**nó**

(ii) Léigh tú alt sa nuachtán *Foinse* go bhfuil cead pleanála faighte ag fear saibhir i do cheantar chun caoga teach a thógáil i bpáirc in aice le do theach féin. Níl tú sásta leis seo. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig eagarthóir an nuachtáin.

### D - COMHRÁ – (60 marc)

(i) Tá tú ag caint le d'athair (nó le do mháthair) faoin bpost ba mhaith leat a bheith agat san am atá le teacht, nuair a bheidh tú críochnaithe ar scoil. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh idir an bheirt agaibh.

**nó**

(ii) Tá tú an-sásta leis an dlí nua a chuireann stop (cosc) ar thoitíní a chaitheamh i dtithe tábhairne agus in áiteanna poiblí eile. Níl do chara ag aontú leat. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh idir an bheirt agaibh.

| CEIST 2 | - LÉAMHTHUISCINT - | (100 marc) |
|---|---|---|

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A – (50 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## Fiontraí agus Fear Gaeltachta

1 Is milliúnaí é Pádraig Ó Céidigh inniu ach ní raibh a mhuintir ná na daoine eile ina cheantar dúchais saibhir nuair a rugadh é sa Spidéal in 1959. Fuair sé a bhunscolaíocht go háitiúil ach bheartaigh sé dul go dtí meánscoil na nÍosánach, Coláiste Iognáid, i gCathair na Gaillimhe mar bhí cara leis, Máirtín Ó Domhnaill, ag freastal ar an scoil sin. Bhí na chéad bhlianta sa scoil sin dian go maith air. Is minic nár thuig Pádraig Béarla na múinteoirí agus is beag meas a bhí ag go leor de na scoláirí sa scoil ar mhuintir na Gaeltachta.

2 D'oibrigh sé go crua, áfach, agus rinne sé dul chun cinn maith ar scoil. Seachas na hábhair acadúla a d'fhoghlaim sé sa mheánscoil d'fhoghlaim sé an tslí le seasamh suas dó féin, a bheith bródúil as a cheantar dúchais agus a chúlra clainne. Sheas sé leis an dearcadh seo i rith a shaoil. Nuair a bhí an Ardteist déanta aige thug Pádraig aghaidh ar an ollscoil.

3 Le céim sa tráchtáil ó Choláiste na hOllscoile i nGaillimh d'éirigh le Pádraig post a fháil mar chuntasóir leis an gcomhlacht KPMG. Sar i bhfad, áfach, d'fhill sé ar a sheanscoil, Coláiste Iognáid, mar mhúinteoir Matamaitice. Rinne sé céim dlí ag an am céanna. Thaitin an mhúinteoireacht go mór leis ach tar éis tamaill thóg sé sos gairme. D'oscail sé oifig i gCathair na Gaillimhe agus thosaigh sé ag obair ann mar aturnae. Thuig sé go raibh tuiscint níos fearr aige ar riachtanais phobal na Gaeltachta ná mar a bhí ag go leor dlíodóirí sa chathair sin. D'éirigh go han-mhaith leis ag cur seirbhísí ar fáil do mhuintir na Gaeltachta agus sar i bhfad bhí na príomhbhainc ag tabhairt neart oibre dó freisin.



4 Cheannaigh Pádraig ***Aer Árann,*** comhlacht an-bheag a bhí ag cur seirbhísí aerthaistil ar fáil d'Oileáin Árann amháin, in 1994. Dhíol sé a oifig dlí mar thuig sé nach bhféadfadh sé an dá thrá a fhreastal. D'oibrigh sé go lánaimseartha chun seirbhís mhaith réigiúnach a chur ar fáil do Dhún na nGall, do Chiarraí agus do Ghaillimh. Nuair a bhí an sprioc sin bainte amach aige shocraigh sé ar sheirbhísí a chur ar fáil go dtí an Bhreatain. Tá fás as cuimse tagtha ar ***Aer Árann*** ó shin.



5 Is le Pádraig dhá thrian den chomhlacht Clódóirí Lurgan (agus is le hÚdarás na Gaeltachta an trian eile). Is é an comhlacht seo a fhoilsíonn an nuachtán ***Foinse***. Ba mhaith leis gnó an nuachtáin sin a fhorbairt a thuilleadh ach níl am aige faoi láthair chun luí isteach ar an obair sin. Tá sé an-bhródúil as an bhfás an-mhór atá tagtha ar iriseoireacht na Gaeilge mar gheall ar ***Foinse***. Cúis bhróid dó freisin an gradam *Fiontraí na Bliana* a bronnadh air cúpla bliain ó shin de bharr feabhas a chuid oibre i bhforbairt an chomhlachta ***Aer Árann***.

(bunaithe ar agallamh a rinne Éamonn Ó Dónaill, www.beo.ie Nollaig 2002)

(i) Cén fáth a raibh na chéad bhlianta dian ar Phádraig i gColáiste Iognáid (*an chéad alt*)? Luaigh **dhá** fháth. (10 marc)

(ii) Luaigh rud **amháin** a d'fhoghlaim Pádraig sa mheánscoil seachas ábhair acadúla (*an dara halt*)? (10 marc)

(iii) Luaigh **dhá** phost a bhí ag Pádraig tar éis dó an scoil a fhágáil (*an tríú halt*). (10 marc)


(iv) Cén fáth ar dhíol sé a oifig dlí (*an ceathrú halt*)? (10 marc)

(v) Luaigh **dhá** fháth a bhfuil bród ar Phádraig (*an cúigiú halt*). (10 marc)

**B – (50 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

# Turas Teanga




**1.** Tá aithne an-mhaith ar Sharon Ní Bheoláin mar láithreoir nuachta ar News 2 ar RTÉ 2. An bhliain seo caite bhí sí le feiceáil ar chlár de shaghas eile ar fad. Clár do dhaoine ar theastaigh uathu Gaeilge a fhoghlaim nó do dhaoine ar mhian leo feabhas a chur ar an nGaeilge a bhí acu ab ea “Turas Teanga”. Bhí an clár difriúil ó aon chlár múinte eile agus bhí Sharon an-bhródúil as an tionscnamh. Léiríonn figiúirí atá ar fáil gur fhéach breis is céad caoga míle duine ar an gcéad chlár sa tsraith a craoladh ar RTÉ 1 in Eanáir 2004. Is ionann é sin agus 12% de lucht féachana na tíre.

**2.** Thaistil an fhoireann teilifíse ar fud na tíre chun na cláracha a thaifeadadh. Bhí eilimintí éagsúla sa chlár. Cuireadh agallamh ar aíonna speisíalta ar nós Mairéad Ní Mhaonaigh ón ngrúpa Altan agus an t-amhránaí John Spillane. I measc na n-áiteanna ar thug siad cuairt orthu bhí na ceantair Ghaeltachta ar fud na tíre. I measc na n-imeachtaí ar ghlac Sharon páirt iontu sa tsraith bhríomhar seo bhí babhta gailf i gCeann Sibéal, turas go Rásaí na Gaillimhe agus tamall ag dreapadh ar An Earagail. Chomh maith leis na míreanna seo bhí sobalchlár “An Grá Faoi Ghlas” mar chuid den tsraith. Scigaithris ar chláracha ar nós “Big Brother” agus “Celebrity Farm” ab ea é seo.

**3.** Thaitin an taisteal a bhí le déanamh aici go mór le Sharon cé go raibh fadhbanna áirithe le sárú aici. Go minic bhí a hiníon, a bhí sé mhí d’aois ag an am agus a fear céile ag taisteal léi, chomh maith le feighlí linbh agus trí mhadra. Ar an láimh eile chonaic sí áiteanna sa tír nach raibh sí riamh iontu ar nós Oileán Thóraí i dTír Chonaill. “Réitigh an criú teilifíse go han-mhaith le chéile buíochas le Dia,” a dúirt Sharon.

**4.** Fiche clár a bhí sa tsraith agus lean gach clár ar feadh tríocha nóiméad. Ag teacht leis an gcúrsa teilifíse a scríobh an comhairleoir teanga Éamonn Ó Dónaill tá pacáiste ar fáil ina bhfuil leabhar, trí dhlúthdhiosca fuaime, dhá DVD agus cláir raidió. Tá an leabhar féin cuimsitheach, toirtiúil, ildaite agus tá a lán ceachtanna idir obair scríofa, obair chluaise agus cleachtaí cainte le fáil ann.



Bunaithe ar alt i bh*Foinse*

(i) Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoi Sharon Ní Bheoláin atá in *Alt 1.* (10 marc)

(ii) Luaigh rud **amháin** in *Alt 1* a léiríonn go raibh suim ag a lán daoine sa chlár *Turas Teanga* ? (10 marc)

(iii) Luaigh **dhá** rud a rinne Sharon ar an gclár. (*Alt 2)* (10 marc)

(iv) Luaigh fadhb amháin **agus** rud amháin a thaitin le Sharon faoi thaisteal timpeall na tíre as *Alt 3.* (10 marc)

(v) Chomh maith le cláir theilifíse cad eile a bhí sa chlár *Turas Teanga*? *(Alt 4)* (10 marc)

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN